



## **An tInnéacs Comhionannais Inscne 2017: Níl ach dul chun cinn an-mhall go deo á dhéanamh**

Léirítear san Innéacs Comhionannais Inscne nuashonraithe an scéal san Eoraip sa lá inniu. Cé go bhfuilimid ag bogadh ar aghaidh, is an-mhall an dul chun cinn foriomlán atá á dhéanamh againn. Níl scór an Aontais Eorpaigh ach ceithre pointe níos airde ná mar a bhí deich mbliana ó shin, agus é cothrom le 66.2 as 100. Is í an tSualainn an tír is fearr feidhmíocht, agus scór 82.6 pointe aici. Is ag an nGréig atá an scór is ísle, agus 50 pointe aici. Is í an Iodáil an tír is mó feabhas. Rinne sí an-dul chun cinn agus ghnóthaigh sí 12.9 pointe, rud a fhágann go bhfuil sí rangaithe sa 14ú áit ó thaobh feidhmíochta de anois.

‘Táimid ag bogadh ar aghaidh go han-mhall go deo. Táimid fós i bhfad ar shiúl ó shochaí atá comhionann ó thaobh inscne de a bhaint amach agus is féidir le gach tír san Aontas Eorpach feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht. I réimsí áirithe, is mó fós na bearnaí atá ann inniu ná a bhí ann deich mbliana ó shin. Léirítear go soiléir san Innéacs Comhionannais Inscne uainn cé acu atá nó nach bhfuil beartais rialtais ag freastal ar na riachtanais shonracha atá ag fir agus mná. Léirítear ann cé acu atá nó nach bhfuil ag éirí leis na bearta sin freisin,’ a dúirt Virginia Langbakk, Stiúrthóir na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (EIGE).

‘Léirítear sna torthaí nua ón Innéacs Comhionannais Inscne gurb ann don neamhionannas i ngach gné den saol go fóill. Is gá don Eoraip gníomhaíocht a dhéanamh chun dul i ngleic leis sin. Molfaidh mé tuilleadh beart i mbliana chun cabhrú le mná a chumhachtú agus le pá comhionann as obair chomhionann a áirithiú. Níl sé i gceist leis an gcomhionannas fir agus mná a dhéanamh níos cosúla lena chéile. Is é atá i gceist leis, áfach, timpeallacht a chruthú ina mbeidh comhionannas rogha ag an dá inscne agus ina mbeidh siad araon in ann páirt iomlán a ghlacadh sa saol sóisialta, i saol na hoibre agus i saol an teaghlaigh,’ a dúirt Věra Jourová, an Coimisinéir um Cheartas, Tomhaltóirí agus Comhionannas Inscne.

### **Is sa chinnteoireacht atá na gnóthachain is mó don chomhionannas inscne le brath**

Is i réimse na cinnteoireachta, go háirithe an chinnteoireacht san earnáil phríobháideach, a tháinig an bborradh is mó faoin gcomhionannas inscne thar na deich mbliana seo a chuaigh thart. Léiríonn an méid sin gur féidir dea-thorthaí a bhaint amach trí bhrú polaitiúil agus poiblí. Go deimhin, d’éirigh leis an mbrú sin athrú a spreagadh ar bhoird chuideachtaí príobháideacha. Cé go bhfuil méadú 10 bpointe, beagnach, tagtha ar an gcomhionannas inscne sa

chinnteoireacht le deich mbliana anuas, agus é cothrom le 48.5 pointe anois, is sa réimse sin atá an scór is ísle go fóill. Den chuid is mó, léiríonn an méid sin nach ionann ionadaíocht na bhfear agus ionadaíocht na mban sa pholaitíocht. Is fianaise é ar easnamh daonlathach i rialachas an Aontais Eorpaigh freisin.

Tugtar san Innéacs Comhionannais Inscne i mbliana léargas nua níos cuimsithí ar chúrsaí cumhachta. Mar aon leis an gcinnteoireacht pholaitiúil agus eacnamaíoch, léirítear sna torthaí cé a dhéanann na cinntí sna meáin, sa taighde agus sa spóirt. Cé gur mó i bhfad an líon ban a dhéanann staidéar ar an iriseoireacht ná an líon fear (agus mná freagrach as dhá dtrian na gcéimithe), is beag bean atá ag obair i bpost mór san earnáil. Fir atá i bhformhór na gcinnteoirí sna meáin (is mná atá i 22% de na huachtaráin ar bhoird chraoltóirí poiblí san Aontas Eorpach). I réimse an chistiúcháin taighde, is mná atá i níos lú ná aon trian (27%) de na cinn ar eagraíochtaí cistiúcháin taighde. Tá an scéal níos measa fós in earnáil an spóirt. Níl ag mná ach 14% de na poist mhóra sna cónaidhmeanna spóirt ar fud an Aontais Eorpaigh.

### **Stad curtha le dul chun cinn – is iad mná a dhéanann an chuid is mó den obair tí go fóill**

Maidir leis an am a gcaitheann fir agus mná ar obair tí, is amhlaidh go ndeachaigh an dul chun cinn ar gcúl in 12 thír. Ní thugann ach fear amháin as gach triúr faoi chócaireacht agus faoi obair tí gach lá, i gcomparáid le hardchéatadán de na mná a dhéanann amhlaidh (79%). Ina theannta sin, tá níos mó ama ag fir le caitheamh ar ghníomhaíochtaí spóirt, cultúrtha agus fóillíochta. I gcomparáid le mná a rugadh san Aontas Eorpach, is mó an t-ualach atá ar mhná imirceacha maidir le haire a thabhairt do bhaill teaghlaigh (38% agus 46% faoi seach).

### **Difríochtaí i measc na n-inscní iad féin**

Den chéad uair riamh, léirítear san eagrán seo den Innéacs na bearnaí atá ann i measc grúpaí difriúla fear agus ban. Ní ionann an saol do gach duine, agus é ag brath ar thosca amhail aois, leibhéal oideachais, tír bhreithe agus cineál teaghlaigh an duine agus ar cé acu atá nó nach bhfuil míchumas aige/aici. Mar shampla, is mó faoi dhó an dóchúlacht go mbuailfidh an bhochtaineacht daoine a bhfuil cúlra imirceach acu ná an dóchúlacht go mbuailfidh sí fir agus mná a rugadh san Aontas Eorpach. I gcomparáid le mná óga, tá fir óga ag cailleadh deiseanna oideachasúla. I gcomparáid le lánúineacha a bhfuil leanaí acu, tá níos mó deacrachtaí ag máithreacha aonair seirbhísí sláinte agus fiacloireachta a rochtain.

*Tá an tInnéacs Comhionannais Inscne 2017 ar fáil inniu! Amharc ar na torthaí beo ón mBruiséil. Tosófar an clár ag 9.00, am samhraidh lár na hEorpa. Lean sinn ar [Facebook](#) agus ar [Twitter](#) chun tvuíteanna agus an t-eolas is déanaí a fháil le linn an lae, tríd an haiscilib #EIGEIndex a úsáid*

*Is ionann an tInnéacs Comhionannais Inscne agus uirlis lena dtomhaistear an dul chun cinn atá á dhéanamh ar an gcomhionannas inscne a bhaint amach san Aontas Eorpach. Is í an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) a d'fhorbair é. Is é atá i gceist leis an Innéacs ná sé chroírímse – obair, airgead, eolas, am, cumhacht agus sláinte – agus dhá réimse satailíte: foréigean in aghaidh na mban agus neamhionannais thrasnacha. Leis an Innéacs, tarraingítear aird ar na réimsí ar gá feabhas a chur*

*orthu agus, ar deireadh, tacaítear leis an lucht déanta beartas bearta comhionannais inscne níos éifeachtaí a dhearadh.*

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh i dteagmháil le do thoil le Živilė Macijauskienė trí ríomhphost a sheoladh chuig [zivile.macijauskiene@eige.europa.eu](mailto:zivile.macijauskiene@eige.europa.eu) nó trí ghlaó a chur ar: +370 5 2157 416

[Caith súil ar an Innéacs Comhionannais Inscne 2017 ar ár láithreán gréasáin chun an scór a bhain do thír amach a fheiceáil](#)

[Íoslódáil an tuarascáil anseo](#)